C/2026/1980

7.4.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/1980)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Gros Plant du Pays nantais'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0275-AM03 — 8.1.2026

1. **Ainm an táirge**

'Gros Plant du Pays nantais'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge seo mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Gros Plant du Pays nantais' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad. Go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Lipéadú

Tuairisc

Chinn an grúpa táirgeoirí le haghaidh an ATFC aonad geografach níos mó a úsáid chun na fíonta a ainmniú, agus chinn sé an téarma *Vin de Loire* a úsáid in ionad *Val de Loire*.

Tá an fhorbairt sin ag teacht leis na treoirlínte cumarsáide a ghlac táirgeoirí fhíonta Loire.

Is é an aidhm atá ann an fhéiniúlacht a dhéanamh níos soiléire agus í a chur i gcomhréir níos fearr le réaltacht na bhfíonta a dhéanann táirgeoirí in abhantrach an Loire.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Forálacha agra-chomhshaoil a chur isteach

Tuairisc

Cuireadh dhá fhoráil agra-chomhshaoil sa tsonraíocht táirge, is iad sin foráil maidir le fásra a rialú idir sraitheanna agus foráil maidir le moirfeolaíocht na fo-ithreach a athrú. Is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an ainmniúcháin chun freagairt don athrú aeráide agus d'ionchais shoiléire na sochaí.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tús na buainte

Tuairisc

Is mian leis an ngrúpa táirgeoirí le haghaidh an ATFC deireadh a chur leis an bhforógra buainte chun bainistíocht riaracháin a shimpliú agus seiceáil á coinneáil ar bun an tráth céanna ar aibíocht na bhfíonchaor.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airde treilíse

Tuairisc

Scriosadh an fhoráil lena leagtar síos íosairde nó uasairde na sreang, ag brath ar an modh treilísithe. I gcomhthéacs aeráid atá ag téamh, níl an fhoráil sin ábhartha a thuilleadh. Is leor airde duilliúir, atá nasctha leis an gcóimheas idir torthaí agus duilleoga, chun críocha an ainmniúcháin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Fíonta ar a bhfuil an lipéad *sur lie* [aosaithe ar an moirt] a phacáistiú

Tuairisc

Leasaíodh an fhoráil lena socraítear an dáta pacáistithe is déanaí le haghaidh fíonta a bhfuil an lipéad *sur lie* orthu chun níos mó solúbthachta a sholáthar agus chun í a ailíniú le cleachtais iarbhír na n-oibreoirí. Dá bhrí sin, cuireadh an dáta pacáistithe is déanaí siar go dtí an 30 Meitheamh den bhliain N+2.

Tá gníomhaíocht trádála á feidhmiú níos mó agus níos mó ag fíonsaothraithe an lae inniu freisin, agus a samhail ghnó á hoiriúnú dá réir sin. Go háirithe, is gnách trealamh buidéalaithe a roinnt idir gabháltais éagsúla. Chomh maith leis sin, ar chúiseanna a bhaineann leis an aeráid, is minic nach leor na toirteanna is féidir a bhuidéalú go díreach ag aon fhíonlann amháin chun ceanglais toirte miondíoltóirí móra a chomhlíonadh. Fágann sé sin gur gá fíonta ó roinnt fíonlann a chóimeáil chun go mbeifear in ann baisceanna níos mó a sheachadadh.

I bhfianaise an mhéid sin, is cosúil go bhfuil an riail lena gceanglaítear pacáistiú a dhéanamh ag an bhfíonlann as dáta. Mar gheall ar dhul chun cinn teicniúil i réimse an iompair, go háirithe umair chuisnithe a úsáid, is féidir anois a áirithiú nach n-athraítear cáilíocht na bhfíonta le linn iompair.

I gcás fíonta a bhfuil lipéad *sur lie* orthu, leathnaíodh an limistéar pacáistithe údaraithe dá bhrí sin ón bhfíonlann amháin go dtí limistéar geografach iomlán an ainmniúcháin chomh maith leis an limistéar díreach in aice láimhe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

An Cód Geografach a Thabhairt Cothrom le Dáta

Tuairisc

Tugadh na bardais sa limistéar geografach cothrom le dáta i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2025. Ní athraíonn an leasú sin limistéar geografach an ainmniúcháin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nasc

Tuairisc

Leasaíodh an roinn maidir leis an nasc chun roinnt faisnéise (an líon oibreoirí, limistéir tháirgeachta, méideanna) sa tuairisc ar na tosca daonna a thabhairt cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Beart idirthréimhseach

Tuairisc

Chuaigh beart idirthréimhseach maidir leis an limistéar dáileachta talún críochaithe in éag in 2021. Dá bhrí sin, scriosadh ón tsonraíocht táirge é.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Tagairtí

Tuairisc

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de la qualité et de l' origine*, INAO) cothrom le dáta.

Leasaíodh na socruithe maidir le comhlíonadh na sonraíochta táirge a sheiceáil.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíonta

‘Gros Plant du Pays nantais’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0275-AM03 — 8.1.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Gros Plant du Pays nantais’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 — fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

Táirge fíniúna

Fíonta geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath buí an-éadrom ar na fíonta, uaireanta le himireacha glasa sna fíonta óga.

Dea-bholadh

Maidir leis an mboladh forbraíonn siad dea-bholaithe fíneálta, torthaíocha nó bláthacha den chuid is mó, agus boladh iaidín ag gabháil leo go minic.

Blas

Tá blas aigéadach cothrom ar na fíonta arb iad úire agus éadroime is mó atá ann.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	—
Aigéadacht iomlán íosta	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Is fíonta socra geala tirime iad sin.

Tá ag na fíonta:

— neart alcóil nádúrtha íosta 9 % de réir toirte;

— uasmhéid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) de 4 ghram in aghaidh an lítir;

— aigéadacht luaineach uasta 10 milleachoibhéis in aghaidh an lítir;

— neart alcóil iomlán uasta 11 % de réir toirte tar éis an tsaibhrithe.

Comhlíonann an cion aigéid iomlán, an méid dé-ocsaíde sulfair iomlán agus an neart alcóil iarbhír na tairseacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Is fíonta socra geala tirime iad sin.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo, tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Modh saothraithe

Tuairisc

Is é 5 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Is é 2,20 méadar nó níos lú an fad idir na sraitheanna, agus is é idir 0,90 méadar agus 1,10 méadar an scaradh idir plandaí sa tsraith chéanna. Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 14 bhachlóg ar a mhéad i gceist in aghaidh an phlanda, trí bhíthin:

— prúnáil spoir (prúnáil Royat, cuachphrúnáil nó prúnáil fean); nó

— prúnáil Guyot aonair.

Déantar prúnáil roimh an gcéim bhachlaithe nó céim 5 ar an scála Eichhorn agus Lorenz. Ag an gcéim théachta, bíonn suas le 12 phéacán ar a mbíonn torthaí in aghaidh an phlanda agus in aghaidh na bliana.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Toirmisctear aon chóireáil teasa ar an mbuaint ag teocht faoi bhun -5 °C. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta a bheith níos mó ná 11 % de réir toirte. De bhreis ar an méid thuasluaite, ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíochta le haghaidh na bhfíonta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta geala

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht	75
Aonad uastáirgeachta	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Liosta den chineál fíonchaor nó de na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Colombard B

— Folle Blanche B

— Montils B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

1. *Limistéar geografach*

Ní mór na céimeanna seo a leanas a dhéanamh laistigh den limistéar geografach a d'fhormheas an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinniú an choiste náisiúnta ábhartha an 20 Meitheamh 2018. Maidir le teorainn an limistéir sin, an dáta a fhormheasfaidh an coiste náisiúnta ábhartha an tsonraíocht sin, beidh limistéar na mbardas a leanas cuimsithe ann, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2025::

— Roinn Loire-Atlantique: Aigrefeuille-sur-Maine, Ancenis-Saint-Géréon, Basse-Goulaine, La Bernerie-en-Retz, Le Bignon, La Boissière-du-Doré, Bouaye, Brains, Carquefou, Le Cellier, La Chapelle-Heulin, Château-Thébaud, Chaumes-en-Retz (bardas tarmligthe Chéméré amháin), La Chevrolière, Clisson, Corcoué-sur-Logne, Divatte-sur-Loire, Geneston, Gétigné, Gorges, La Haie-Fouassière, Haute-Goulaine, Le Landreau, Legé, La Limouzinière, Le Loroux-Bottereau, Maisdon-sur-Sèvre, Mauves-sur-Loire, Monnières, Montbert, Les Moutiers-en-Retz, Mouzillon, Oudon, Le Pallet, La Planche, Pont-Saint-Martin, Port-Saint-Père, La Regrippière, La Remaudière, Remouillé, Saint-Aignan-Grandlieu, Saint-Colomban, Sainte-Pazanne, Saint-Fiacre-sur-Maine, Saint-Hilaire-de-Chaléons, Saint-Hilaire-de-Clisson, Saint-Julien-de-Concelles, Saint-Léger-les-Vignes, Saint-Lumine-de-Clisson, Saint-Lumine-de-Coutais, Saint-Mars-de-Coutais, Saint-Philbert-de-Grand-Lieu, Les Sorinières, Thouaré-sur-Loire, Vair-sur-Loire, Vallet, Vertou, Vieillevigne agus Villeneuve-en-Retz.

— Roinn Maine-et-Loire: Mauges-sur-Loire (bardas tarmligthe La Chapelle-Saint-Florent amháin), Montrevault-sur-Èvre (bardas tarmligthe La Chaussaire amháin), Orée d'Anjou agus Sèvremoine (bardais tharmligthe Saint-Crespin-sur-Moine agus Tillières amháin).

— Roinn Vendée: Cugand-la-Bernardière (bardas tarmligthe Cugand amháin), Montaigu-Vendée (bardas tarmligthe Saint-Hilaire-de-Loulay amháin), Rocheservière, Saint-Étienne-du-Bois agus Saint-Philbert-de-Bouaine.

Is féidir teacht ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

2. *Limistéar dáileachta talún críochaithe*

Ní mór na fíonta a dhéanamh as fíonchaora a fhástar ar dháileachtaí talún atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta arna fhormheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinnithe an choiste náisiúnta ábhartha an 21 Bealtaine 1996, 25 Bealtaine 2000, 3 Bealtaine 2017 15 Samhain 2018 agus 17 Meitheamh 2020.

Cuireann an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta na léarscáileanna lena mbunaítear teorainneacha na ndáileachtaí talún sa limistéar táirgeachta a formheasadh ar an gcaoi sin faoi bhráid hallaí baile na mbardas lena mbaineann.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá na cineálacha fíniúna a thugann a gcáilíochtaí speisialta do na fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh seo fréamhaithe i limistéar Nantes ar chúiseanna a bhaineann le suíomh geografach agus stair Nantes. Sa chathair mhór chalafoirt seo ag cumar abhainn an Loire agus an Aigéin Atlantaigh, tháinig forbairt ar thrádáil bhríomhar fíona go luath sna lárionaid uirbeacha i dtuaisceart na hEorpa. Mheall an t-ionad trádála tábhachtach sin líon mór trádálaithe, na hÍsiltírigh ar dtús ina measc, a chuir go mór le leathnú chineál Folle Blanche B sa limistéar geografach, sular tháinig an dá chineál eile, Montils B agus Colombard B, a bhfuil saintréithe agranamaíocha comhchosúla iontu.

Mar gheall ar dhálaí ithreach agus aimsire réigiún Nantes, is féidir fíonta geala cothroma a fhorbairt ar a bhfuil deabholaithe fíneálta ó na cineálacha sin. Tá ithreacha garbhaigéid an limistéir gheografaigh, atá comhdhéanta d'eibhear, naghas, míocaisiosta nó sil-leagain ghainimh agus ghairbhéil, in éineacht leis na gnáth-gheimhrí séimhe atá ag aeráid

Nantes, fabhrach do thús luath a chur le timthriall fáis na bhfíniúnacha agus d'aibiú iomlán na bhfíonchaor. Áirithíonn suíomh thuaidh an limistéir fíonsaothrúcháin agus a nochtadh do thionchair aigéanacha teochtaí úra sa samhradh, rud a fhágann gur féidir réamhtheachtaithe na ndea-bholaithe fíneálta sna fíonchaora a chaomhnú.

Agus na cineálacha roghnaithe á n-oiriúnú don chomhshaol nádúrtha, bhí oibreoirí an limistéir gheografaigh in ann brath ar shaineolas fíonóireachta seanbhunaithe atá bunaithe ar thraidisiún trádála i bhfíonta míne atá ann leis na céadta blianta. Is é is aidhm do na roghanna teicniúla a dhéantar, bíodh sé chun na dáileachtaí talún a roghnú sula gcuirtear na fíniúnacha nó chun a bhfás a bhainistiú, an leas is fearr a bhaint as ithreacha an limistéir gheografaigh nach bhfuil an-torthúil agus as solas flaithiúil gréine an limistéir chun buaint fíonchaor aibí agus shláintiúil a fháil. Le modh Nantes chun na fíonta a choinneáil ar a moirt fhíonóireachta mhín, gan aon trasdoirteadh, is féidir leis na móilíní blais a fhoirmítear le linn an choipthe léiriú a fháil san fhíon. Tá na teochtaí séimhe geimhridh fabhrach d'idirghníomhaíocht leis an moirt, rud a fhágann go mbíonn fíon níos láidre ann. Leis an modh sin, tugtar carachtar níos cruinne d'fhíonta ar a bhfuil lipéad *sur lie* [aosaithe ar an moirt], cuirtear dea-bholaithe torthaíocha nó bláthacha atá mín agus fíneálta orthu, agus broidearnach bheag uaireanta mar gheall ar dhé-ocsaíd charbóin iarmharach a chruthaítear i dtreo dheireadh an phróisis coipthe alcólaigh. Chun na cáilíochtaí a fhaightear trí oibríochtaí siléir a chaomhnú agus chun aon ocsaídiú a sheachaint, tá saineolas sonrach faighte ag oibreoirí maidir leis na fíonta a phacáil, agus déantar buidéalú go díreach sa limistéar geografach nó sa limistéar díreach in aice láimhe. Oireann an cleachtas traidisiúnta sin, a íoslaghdaíonn láimhseáil, go foirfe do chomhdhúile dea-bholaidh éadroma na bhfíonta a chaomhnú.

Is é 'Gros Plant du Pays nantais' an fíon ó Ghleann Loire 'is gaire don fharraige', toisc go síneann an limistéar geografach chomh fada le bá Bourgneuf; tagann a aigéadacht sa bhéal agus dea-bholaithe iaidín le chéile go foirfe le crústaigh agus oisrí. Agus an leas is fearr á bhaint as an gceangal sin idir an fíon agus an cócaireacht áitiúil, d'éirigh leis na táirgeoirí aitheantas a fháil dá dtáirge mar *vin délimité de qualité supérieure* [fíon ar ardchaighdeán ó limistéar críochaithe] chomh luath le 1954. Fiú sa lá atá inniu ann, is sócmhainn tráchtála é suíomh na bhfíonghort ar an gcósta idir an Bhriotáin agus Vendée, toisc go gcuireann na turasóirí a thugann cuairt ar an limistéar sa samhradh go mór le cáil an fhíona, rud a neartaíonn a íomhá mar thionlacan idéalach le bia mara.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Maolú maidir leis an limistéar geografach

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir leis na fíonta a dhéanamh agus a phróiseáil agus maidir le fíonta a dhéanamh, a phróiseáil, a aosú agus a bhuidéalú a cháilíonn don tásc *sur lie*, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2025:

— Roinn Loire-Atlantique: Boussay, Chaumes-en-Retz (bardas tarmligthe Arthon-en-Retz amháin), Couffé, Ligné, Loireauxence (bardas tarmligthe Varades amháin), La Marne, Mésanger, Paulx agus Rezé.

— Roinn Maine-et-Loire: Beaupréau-en-Mauges (bardas tarmligthe Gesté amháin) agus Montrevault-sur-Èvre (bardais tharmligthe La Boissière-sur-Èvre, Le Fuilet agus Le Puiset-Doré amháin).

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe ábhartha.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Féadfar an tásc *sur lie* a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe i gcás fíonta a chomhlíonann na rialacha sonracha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge. Is féidir an t-ainm geografach *Vin de Loire* a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin i gcomhréir leis na rialacha sonracha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge. Ní mór an tásc *sur lie* agus an t-ainm geografach *Vin de Loire* a scríobh i litreacha atá níos lú ná na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin nó ar cóimhéid (ar airde, ar leithead agus ar thiús) leis na litreacha sin. I gcás fíonta a bhfuil lipéad *sur lie* orthu, ní mór bliain an fhíona a bheith ar an lipéad freisin.

I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, féadfar eintiteas geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid a leanas:

— is logainm cláraithe é;

— tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Ní mór ainm na háite a phriontáil i litreacha nach mó, ar airde, ar leithead nó ar tiús, ná leath de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin. Ní mór dó a bheith sa réimse amhairc céanna le hainm an ainmniúcháin.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Déantar fíonta a cháilíonn don tásc *sur lie* a bhuidéalú sa limistéar geografach nó sa limistéar díreach in aice láimhe, chun scinceáil a choinneáil chomh híseal agus is féidir, idir an 1 Márta den bhliain tar éis na buainte agus an 30 Meitheamh den dara bliain tar éis na buainte. Déantar é sin chun na cáilíochtaí a fhaightear trí úsáid a bhaint as teicnící fíonóireachta sonracha agus oibríochtaí siléir a chaomhnú, go háirithe úire agus dea-bholaithe casta na bhfíonta, agus broidearnach bheag mar gheall ar an gcion dé-ocsaíde carbóin a fhaightear go nádúrtha iontu.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-09352c1a-2ea0-4198-bd39-197c4477e963